Duais Lucht Féachana LUX - Liostáil le haghaidh ollphostála

Fógra Cosanta Sonraí

An nuashonrú is déanaí: Mí an Mhárta 2026

Tugaimidne, Parlaimint na hEorpa, an fógra seo duit d'fhonn eolas a thabhairt duit maidir le do shonraí pearsanta a phróiseáil chun go bhfaighidh tú cumarsáid i ndáil le Duais Lucht Féachana LUX. Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil bunaithe ar Rialachán (AE) 2018/1725 (dá ngairtear 'an Rialachán' anseo feasta).

1. CÉ hÉ AN RIALAITHEOIR SONRAÍ?

Gníomhaíonn Parlaimint na hEorpa mar rialaitheoir sonraí, agus is é an tAonad um Fhorrochtain d'Iolraitheoirí (MOU), arna ionadú ag a Cheann Aonaid, an t-eintiteas atá freagrach as do shonraí pearsanta a phróiseáil d'fhonn cumarsáid i ndáil le Duais Lucht Féachana LUX a fháil.

2. CONAS A PHRÓISEÁILTEAR DO SHONRAÍ PEARSANTA AGUS CAD CHUIGE?

Cuspóir 1 - Fan i dteagmháil

Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil chun eolas a chur chugat faoi imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le Duais Lucht Féachana LUX.

3. CAD IAD NA SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁILTEAR?

Cuspóir 1 - Fan i dteagmháil

- Seoladh ríomhphoist

4. CAD É AN BUNÚS DLÍ ATÁ LEIS AN bPRÓISEÁIL?

Is ar **thoiliú** a bhunaítear do shonraí pearsanta a phróiseáil d'fhonn fanacht i dteagmháil leat (Cuspóir 1), de bhun Airteagal 5(1)(d) den Rialachán.

5. CÁ FHAD A STÓRÁLFAR DO CHUID SONRAÍ?

Na sonraí pearsanta a phróiseáiltear d'fhonn fanacht i dteagmháil leat (Cuspóir 1), coimeádfar iad i mbunachar sonraí slán DGCOMM, CoManSys, go dtí go gcinnfidh tú díliostáil. Féadfar sin a dhéanamh ach cliceáil ar an gcnaipe 'Díliostáil' atá le fáil i ngach cumarsáid uainne nó ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí trí ríomhphost ina mbeidh d'iarratas a sheoladh chuig luxaward@europarl.europa.eu. Gach 5 bliana, seolfaimid ríomhphost chugat chun a mheabhrú

duit go bhfuil tú fós inár mbunachar sonraí.

Tabhair ar aird nach gcoimeádfar do shonraí pearsanta níos faide ná mar is gá d'fhonn na gcríoch ar bailíodh na sonraí sin chucu.

6. CÉ hIAD PRÓISEÁLAITHE DO SHONRAÍ PEARSANTA?

Níl aon phróiseálaithe ann a fhéadfaidh do shonraí pearsanta a phróiseáil.

7. CÉ hIAD FAIGHTEOIRÍ DO SHONRAÍ PEARSANTA?

Is iad faighteoirí do shonraí laistigh de Pharlaimint na hEorpa ár gcomhghleacaithe in Aonad TF AS COMM, atá freagrach as gnéithe teicniúla bhunachar sonraí teagmhála DG COMM (CoManSys) a bhainistiú, agus ar féidir leo rochtain a fháil ar do shonraí ar bhonn an eolais is gá.

8. AN nDÉANFAR DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOMHROINNT LE TÍR NACH BALLSTÁT DE CHUID AN AONTAIS Í NÓ LE hEAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA?

Ní dhéanfar; ní chomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach Ballstát de chuid an Aontais í ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

9. AN ÚSÁIDTEAR AON PHRÓISIS UATHOIBRITHE CINNTEOIREACHTA AGUS/NÓ PRÓIFÍLIÚ D'FHONN CINNTÍ A DHÉANAMH A D'FHÉADFADH TIONCHAR A IMIRT ORT?

Ní úsáidtear; ní chuirtear i bhfeidhm aon phróisis uathoibrithe cinnteoireachta agus/nó próifíliú a dhéanann cinntí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ort.

10. MURA bhFUARTHAS SONRAÍ PEARSANTA UAIT, CAD É IS FOINSE DÓIBH?

Ní bhailítear aon sonraí pearsanta ó aon fhoinse eile seachas ón duine lena mbaineann.

11. CAD IAD NA CEARTA ATÁ AGAT?

Faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) den Rialachán, tá na cearta seo a leanas agat:

- An ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta.
- An ceart go ndéanfar do shonraí pearsanta a cheartú.
- An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a léirscriosadh ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad'), faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán faoi Airteagal 19.
- An ceart chun próiseáil a shrianadh, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Rialachán faoi Airteagal 20.

- An ceart chun iniomparthacht sonraí, nuair atá an phróiseáil bunaithe ar do thoiliú nó ar chonradh agus nuair a dhéantar í trí mhodhanna uathoibrithe agus faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán faoi Airteagal 22.

- An ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála, i gcásanna ina bhfuil an phróiseáil bunaithe ar mhodh leasa phoiblí agus faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán faoi Airteagal 23.
- An ceart chun do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála a bhí bunaithe ar thoiliú sular tarraingíodh siar é.
- An ceart chun gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS).

12. CONAS IS FÉIDIR LEAT DO CHEARTA A FHEIDHMIÚ?

Féadfaidh tú do chearta a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, eadhon an tAonad um Fhor-rochtain d'Iolraitheoirí (MOU), trí ríomhphost chuig luxaward@europarl.europa.eu nó tríd an bpost, i gclúdach litreach séalaithe, chuig Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Chumarsáid, an Stiúrthóireacht um Fhor-rochtain, mar aird an Cheann Aonaid, 60 rue Wiertz / Wiertzstraat 60, 1047 Bruxelles/Brussels, an Bheilg.

Má tá aon bharúlacha nó gearáin agat faoin mbealach a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa ag data-protection@europarl.europa.eu.

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar do shonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag an Rialaitheoir Sonraí.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féadfar dul i gcomhairle le Clárlann Pharlaimint na hEorpa um Chosaint Sonraí, ina bhfógrófar gach oibríocht próiseála sonraí pearsanta.